Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2019**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0050(COD)**

**9206/19**
**ADD 2 REV 1**

**CODEC 1061**
**PECHE 239**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis 'an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil'**

I dtaca leis 'an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil', cuireann an Coimisiún i bhfios gur den chleachtas reatha é nach nglactar ach leis an gcomhairle eolaíoch a thugann nó a athbhreithníonn comhlacht eolaíoch neamhspleách atá aitheanta ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta, amhail an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI), Coiste Comhairleach Eolaíoch (CCE) an Choimisiúin Iascaigh Ghinearálta don Mheánmhuir (CIGM) nó an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (CITM).

D'fhéadfadh an Coimisiún féachaint an bhféadfaí sainmhíniú ar 'an gcomhairle is fearr dá bhfuil ar fáil' a mholadh amach anseo.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn I den Phlean Ilbhliantúil (eatraimh dhoimhneachta a áireamh mar chritéir maidir le deighilt na hiarrachta iascaireachta)**

I gcomhthéacs na meastóireachta ar an bPlean, d'fhéadfaí cásanna éagsúla a bheartú, cúig bliana tar éis an teacht i bhfeidhm, chun é a athbhreithniú, lena n-áirítear, critéir eile a thabhairt isteach in Iarscríbhinn I lena gceaptar an deighilt iarrachta, amhail eatraimh dhoimhneachta na stoc lena mbaineann agus a shonraítear in Airteagal 7(1) agus cosc a chur le méadú a dhéanamh ar an acmhainneacht a shonraítear in Airteagal 9(5) den phlean. Ar an gcomhairle is fearr dá bhfuil ar fáil a bheidh aon athbhreithniú den sórt sin ag brath.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an gcomhar réigiúnach**

Leanfaidh an Coimisiún, thar ceann na mBallstát, dá iarrachtaí chun bearta caomhnúcháin a ghlacadh laistigh den Choimisiún Iascaigh Ginearálta don Mheánmhuir (CIGM) chun saothrú inbhuanaithe na stoc roinnte sa Mheánmhuir a áirithiú, i gcomhréir le Dearbhú *MedFish4Ever* 2017.